
Irish

# Treoracha maidir leis an trealamh scagthástála le haghaidh ailse putóige a úsáid

Beidh na rudaí seo de dhíth ort...

rud éigin le do chac a ghabháil ann, mar shampla seanchoimeádán glan



trealamh tástála (ag gabháil leis seo)




peann




nó páipéar leithris.



## An-Tábhachtach


Déan cinnte go bhfuil do chuid sonraí atá priontáilte ar an trealamh tástála ceart. Scríobh síos ar an trealamh tástála an dáta ar thóg tú an sampla. Mura dhéanann tú é sin, tá seans ann nach mbeidh muid ábalta é a thástáil.








Cuir coimeádán nó páipéar leithris isteach sa leithreas chun do chac a ghabháil. Ná lig d'aon teagmháil a bheith ann idir an cac agus'taobhanna an leithris ná an t-uisce.




Bain an caipín den fheadán chun an maide a bhaint.




Tum ceann an mhaide isteach i do chac. Ná líon ach an dá eitre bheaga ag an cheann - ná cuir an iomarca ann.




Cuir an maide ar ais san fheadán. Druid an feadán ach an caipín a chur ar ais air.




Más é an cás go raibh coimeádán in úsáid agat, cuir i mála plaisteach é agus faigh réidh leis i mbosca bruscair taobh amuigh. Ná déan dearmad do lámha a ní.




A luaithe is a bheidh sin déanta agat, cuir an trealamh tástála isteach sa chlúdach stuáilte atá tugtha agus seol chugainn é tríd an phost a luaithe agus is féidir.

## Líne Cabhrach Shaorghlao: 0800 015 2514

(Relay UK 18001 0800 015 2514 do dhaoine atá bodhar nó a bhfuil lagurlabhra acu)

Gabh i dteagmháil leis an líne chabhrach, le do thoil, má tá aon cheist agat nó má tá trealamh tástála ionaid nó clúdach ionaid de dhíth ort. Ná gabh i dteagmháil le do dhochtúir ginearálta, le do thoil, chun trealamh ionaid a fháil nó chun do threalamh tástála a chur ar ais, cionn is nach féidir leo glacadh leis an trealamh scagthástála nó á chur ar fáil.

Chun an bhileog seo a fháil i dteanga nó formáid eile, gabh chuig **pha.site/bowel-screening-test-kit-instructions**

Irish

Curtha in oiriúint le cead ó Bowel Screening Wales/Public Health Wales, a rinne an bunleagan a fhorbairt.

HSC Public Health Agency

**Public Health Agency**
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.
Tel: 0300 555 0114 (ráta áitiúil).
www.publichealth.hscni.net

Tríd an idirlíon/na meáin shóisialta:

BOWEL CANCER SCREENING

11/23